



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An tSraith Shóisearach, 2024

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Staidéar Gnó

Comhleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Freagair gach ceist.

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

Ceist 1

Cuir tic (✓) a bhosca ceart chun a thaispeáint cé acu an luach saothair airgid nó sochar comhchineáil d'fhostaithe é gach ceann díobh seo a leanas:

	Luach Saothair Airgid	Sochar Comhchineáil:
 Carr Cuideachta		✓
 Pá	✓	
 Ballraíocht i Spórtlann		✓

Ceist 2

Tá gealltanas tugtha ag Rialtas na hÉireann méadú bliain ar bhliain a chur ar cháin charbóin go dtí go mbeidh sí €100 in aghaidh an tonna in 2030.

Arna chur in oiriúint ó www.esri.ie

Tabhair breac- chuntas ar conas a bhíonn tionchar ag cánacha, amhail cáin charbóin, ar gach ceann díobh seo a leanas:

Tomhaltóirí:
Bíonn earraí agus seirbhísí níos costasaí mar gheall ar chánacha amhail an cháin charbóin. D'fhéadfadh sé sin daoine a spreagadh gan na hearraí agus na seirbhísí seo a cheannach/iad a spreagadh chun roghanna oiriúnacha eile a lorg.
Íslítear ioncam (indiúscartha) le cánacha agus bíonn caighdeán beatha níos ísle ann dá bharr.
Timpeallacht:
Má mhéadaítear praghas an charbóin trí chánachas, ní bheidh an oiread céanna daoine ag úsáid foinsí fuinnimh neamh-inathnuaite, rud a chuidíonn leis an troid in éadan téamh domhanda nó le truailliú aeir a laghdú/ Spreagtar daoine gan úsáid a bhaint as breoslaí iontaise, rud a chuidíonn leis an troid i gcoinne an athraithe aeráide. Laghdaítear astaíochtaí gás ceaptha teasa de réir mar a aistríonn teaghlaigh agus gnólaigh go roghanna fuinnimh ghlais.
Dá méadófaí cánacha ar nós do ÍMAT, bheadh ioncam níos lú agat, agus d'fhéadfadh go roghnódh tomhaltóirí rogha níos saoire de dlúththáirgí ionaid, nach mbeadh chomh neamhdhíobhálach céanna don chomhshaol.

Ceist 3

Féach ar an bhfógra seo a leanas le haghaidh cuideachta árachais i Maigh Chromtha, Co. Chorcaí.

Árachas A1 Teo.
An Chearnóg Thiar, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí.

Foirgnimh €2.50 in aghaidh gach €1,000

Aláram buirgléireachta suiteáilte - lascaine 9%



Ba mhaith le Lucas agus Katrina árachas ar luach €320,000 a fháil dá dteach. Níl aon aláram buirgléir eachta acu.

- (i) Agus an t-eolas thuas á úsáid agat, ríomh costas a bpréimh-árachais ó Árachas A1 Teo.

Costas an Árachais	Obair
€800	$\frac{320,000}{1,000} \times 2.50 = €800$

- (ii) Ríomh cé mhéad airgid a d'fhéadfadh Lucas agus Katrina a shábháil dá ndéanfaidís aláram buirgléireachta a shuiteáil.

Sábháil	Obair
€72 F.F	$800 \times 9\% = €72 \text{ F.F}$

Ceist 4

Beidh creidmheas de €450 le fáil ag custaiméirí leictreachais baile.

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis, dar leat féin, ar thug an rialtas creidmheas leictreachais de €450 do gach líon tí.

Chun an brú airgeadais ar theaghlaigh ar fud na tíre a mhaolú i measc na bpraghsanna arda fuinnimh d'fhonn cuidiú le billí eile tí a íoc/ Chun laghdú ar phraghas a gcuid billí a thabhairt do theaghlaigh d'fhonn an t-airgead a chaitheamh ar earraí agus seirbhísí eile.

Chun tionchar an bhoilscithe agus arduithe an chostais mhaireachtála ar theaghlaigh a mhaolú, ionas go mbeidh níos mó ioncam acu le caitheamh ar chaiteachas lánroghnach.

Chun bochtaineacht breosla a sheachaint, go háirithe i dteaghlaigh ar ioncam íseal, ionas gur féidir le gach duine a gcuid tithe a théamh.

Bhí barrachas ag an rialtas ina mbuiséad agus chinn siad cuid den bharrachas sin a úsáid chun costais mhéadaithe fuinnimh do theaghlaigh a laghdú.

Caidreamh Poiblí, rud a chuirfeadh borradh faoin tacaíocht don rialtas i measc na dtoghthóirí.

Ceist 5

Tháinig méadú de 4.1% faoi R1 2023 (an chéad ráithe de 2023) ar an líon daoine a bhí ag obair i ngeilleagar na hÉireann.

Tabhair breac-chuntas ar dhá thairbhe a bhaineann geilleagar na hÉireann as an méadú sin ar an líon daoine atá ag obair.

Le níos mó daoine ag obair, beidh níos mó ioncam cánach don rialtas m.sh., ÍMAT, ÁSPC, MSU. Is féidir an t-ioncam breise sin a úsáid chun seirbhísí poiblí níos fearr a sholáthar, m.sh., sláinte agus oideachas.

Má bhíonn níos mó daoine ag obair, beidh níos lú airgead á chaitheamh ag an rialtas ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh amhail an liúntas cuardaitheora poist. Cumhacht chaithimh níos mó ag an rialtas le haghaidh seirbhísí poiblí eile.

Fágann níos mó fostaíochta go gcaitheann tomhaltóirí níos mó ar earraí agus ar sheirbhísí, rud a fheabhsaíonn fás eacnamaíoch agus tiocfaidh méadú ar ghnólachtaí agus cruthóidh siad níos mó post/fostaíochta.

Laghdú ar sheirbhísíú fiachais náisiúnta i ngeall ar ioncam méadaithe ó chánachas nó laghdú ar chaiteachas an rialtais ar chosaint shóisialta.

Leibhéil eisimirce níos lú mar nach gá do dhaoine Éire a fhágáil ar thóir oibre.

Ceist 6

Críochnaigh an Ráiteas maidir le Staid Airgeadais (sliocht) thíos agus na trí réimse nach bhfuil scátha ithe á gcomhlánú acu, a bhfuil na huimhreacha (i) go (iii) orthu.

Ráiteas ar Staid Airgeadais mar a bhí ar an 31/12/2023			
	€	€	€
	Costas	Dímheas	Glanluach de réir na Leabhar
Sócmhainní Seasta			
Foirgnimh	550,000	11,000	(i) 539,000
Trealamh	92,000	(ii) 9,200	82,800
	(iii) 642, 000	20,200	621,800

Obair, más gá:

(i) $550,000 - 11,000 = €539,000$

(ii) $92,000 - 82,800 = €9,200$

(iii) $550,000 + 92,000 = €642,000$

Ceist 7

Leathnaíodh limistéar an euro go dtí 20 náisiún nuair a tugadh an Chróit isteach ar an 1 Eanáir, 2023.

Arna chur in oiriúint ó www.rte.ie



(i) Críochnaigh an abairt seo a leanas:

Is é limistéar an euro ná grúpa tíortha laistigh den AE a roinneann airgeadra comhchoiteann/aonair/an euro.

(ii) Luaigh tairbhe **amháin** a bhaineann le hÉirinn a bheith i limistéar an euro.

Nuair a bhíonn earraí agus seirbhísí á gceannach ó thíortha eile laistigh den limistéar euro, ní gá airgeadraí a athrú.

Níos fusa comparáidí praghais a dhéanamh i ngeall ar airgeadra comhchoiteann.

Cobhsaíocht praghsanna/ gan aon luaineachtaí sa ráta malairte.

Ballraíocht i gceann de na réigiúin eacnamaíocha is mó ar domhan.

Ceist 8

Agus an t-eolas thíos a úsáid agat, déan idirdhealú idir cearta agus freagrachtaí **fostaí**.
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

	Ceart	Freagracht
Déanamh de réir na nósanna imeachta go léir maidir le sláinte agus sábháilteacht san áit oibre		✓
Pá íosta ar a laghad a thuilleamh	✓	
Ballraíocht a ghlacadh i gceardchumann	✓	

Ceist 9

Tá coigilteas ag Cáit Ní Sheasnáin i gcuntas taisce le haghaidh a bainise a bheidh ag tarlú go luath. Thuill sí €200 úis ar an gcoigilteas sin a bhfuil CCÚT (DIRT) dlite air ag ráta 33%.

(i) Seasann CCÚT dó seo a leanas:

Cáin **Choinneála** ar **Ús Taisce**

(ii) Ríomh an méid CCÚT (DIRT) a íocfaidh sí leis an Rialtas ar a cuid úis. Taispeáin do fhreagra sa spás atá ar fáil dó.


Freagra	Obair
€ 66	$200 \text{ 1m} \times 33\% \text{ 1m} = €66 \text{ 1m}$

Ceist 10

Féile cheoil agus ealaíon is ea Electric Picnic a bhíonn ar siúl gach bliain in Éirinn.

Is sampla d'fhiontar cultúrtha é.

Cén ról atá ag fiontar **cultúrtha** sa tsochaí?



Cultúr agus na healaíona a chur chun cinn, go háitiúil agus go náisiúnta, a chuireann leis an bhfolláine in Éirinn.
An turasóireacht áitiúil a chur chun cinn trí chuairteoirí a spreagadh teacht go hÉirinn ar a gcuid laethanta saoire, chun airgead a chaitheamh in Éirinn.
Siamsaíocht áitiúil a sholáthar do dhaoine trí cheolchoirmeacha, féilte, imeachtaí spóirt a thabharfaidh ábhar bróid don phobal.
Deiseanna fostaíochta a chruthú go háitiúil rud a chuirfidh le hioncam ó chánachas don rialtas/ a ardóidh an caighdeán maireachtála.

Ceist 11

Cuir na doiciméid ghnó seo a leanas san ord ceart: (Tá ceann amháin díobh déanta duit.)

Sonrasc, Luachan, Litir Fiosrúcháin, Admháil

1.	Litir Fiosrúcháin
	
2.	Luachan
	
3.	Sonrasc
	
4.	Admháil

Ceist 12

€3,000 is ea pá míosúil Dháithí Uí Bhroin. Íocann sé ÍMAT ag ráta 20% agus tá creidmheas cánach mí osúil de €295 aige.

Ríomh glanphá míosúil Dháithí agus na **cúig** réimse nach bhfuil scáthaithe agus a bhfuil na huimhrea cha (i) go (v) orthu, á gcomhlánú agat sa tábla thíos.

	€	€	Obair
Pá comhlán		(i) 3,000 1m	
ÍMAT @ 20%	(ii) 600 1m		
Lúide Creidmheas Cánach	(iii) 295 1m		
Cáin iníoctha		(iv) 305 1m FF	
Pá Glan		(v) 2,695 2m FF	



Arna chur in oiriúint ó www.cso.ie

- (i) De réir na grafaice eolais thuas, cad é daonra na hÉireann in 2022?

5,123, 536

- (ii) Mínigh tionchar **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag méadú sa daonra ar Éirinn.

Beidh éileamh níos mó ar earraí agus ar sheirbhísí ionas agus mar sin déanfaidh gnólachtaí in Éirinn níos mó brabúis nó beidh siad in ann níos mó oibrithe a fhostú.

Beidh éileamh níos mó ar sheirbhísí poiblí amhail sláinte / iompar scoile. Cuirfidh sé sin brú ar sheirbhísí an rialtais.

Beidh níos mó éileamh ar thithíocht (phríobháideach agus shóisialta). Ní mór don rialtas níos mó tithíocht shóisialta a sholáthar agus níos mó cead pleanála a cheadú le haghaidh tithe príobháideacha.

Beidh níos mó tráchta agus truaillithe, rud a chuirfeadh le brú pearsanta breise/ a laghdódh caighdeán na beatha.

Ceist 14

Tá €10 le caitheamh ag Tomás. Tá sé ag iarraidh creidmheas fóin agus t-léine a cheannach, ach níl dóthain airgid aige chun an dá earra sin a cheannach. Beartaíonn sé €10 de chreidmheas fóin a cheannach.

Ag baint úsáid as an eolas thuas, sainaithin an costas airgeadais agus an deischostas do Thomás.

Costas Airgeadais: €10
Deischostas: An t-léine

Ceist 15

Ní bhíonn beagnach 50% d'ábhar fógraíochta tionchairí clibeáilte mar fhógraíocht.

Curtha in oiriúint ó www.ccpc.ie



- (i) Ainmnigh an dlí lena ndéantar tomhaltóirí a chosaint ar fhógraíocht atá bréagach nó míthreorach.

An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007

- (ii) Mínigh míbhuntáiste **amháin** a bhaineann tomhaltóir as siopadóireacht a dhéanamh ar líne:

Míbhuntáiste:
Ní féidir leis an tomhaltóir triail a bhaint as na hearraí ná teagmháil a dhéanamh leo/sampláil a dhéanamh orthu, rud a d'fhéadfadh ceannach mícheart a bheith mar thoradh air/méadú ar thorthaí/moill.
Ní bheidh sé chomh háisiúil earraí a chur ar ais chuig miondíoltóir ar líne ná earraí a thabhairt ar ais sa siopa.
Rioscaí slándála agus calaoise mar a d'fhéadfadh tomhaltóirí a cheannach d'aon turas ó shuíomh Gréasáin calaoiseach agus a sonraí pearsanta baincéireachta a nochtadh.

Freagair gach ceist.

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

Ceist 16

(a)



Is cuideachta dhomhanda í Kellogg's a dhíolann brandaí cáiliúla ar nós Corn Flakes, Crunchy Nut, Rice Krispies agus Coco Pops.

(i) Mínigh cad is brí le cuideachta dhomhanda.

(3m)

Feidhmíonn go leor cuideachtaí domhanda i roinnt tíortha mórtimpeall an domhain/ ar fud na cruinne. Déanann/díolann siad gnó ar fud an domhain agus caitheann siad leis an domhan mar mhargadh amháin.

(ii) Tá trí lógó eile a bhaineann le cuideachtaí sa phictiúr thíos.

Cuir isteach tic (✓) chun a shainaithint cé acu de na cuideachtaí sin ar cuideachtaí domhanda iad.

(6m)

Lógó na Cuideachta			
Cuideachta Dhomhanda	✓	✓	

(iii) Mínigh **dhá** dhúshlán atá roimh chuideachtaí domhanda ar nós Kellogg's. (6m)

Ní mór do chuideachtaí domhanda costais iompair fhíor-arda a íoc chun earraí a sheachadadh lasmuigh den tír thionscnaimh, méadú ar chostais táirgthe nó laghdú ar bhrabúis dá bharr. Beidh éagsúlachtaí airgeadra ann, a mbeidh costas airgeadais i gceist leo. Bíonn cuideachtaí ag plé le polaitíocht, reachtaíocht, beartais eachtracha, a thabhaíonn costais riaracháin/dlí/ saincheisteanna ama.
Saincheisteanna reatha, mar shampla, an mhoill ar allmhairiú cruithneachta ón Úcráin eascraíonn éiginnteacht, ganntanas nó moill ar dháileadh.
D'fhéadfadh bacainní teanga /éagsúlachtaí cultúrtha botúin dhomhanda caidrimh phoiblí agus margaíochta domhanda a chruthú.
Aithrise ó iomaitheoirí, as a dtagann dlúththáirgí ionaid ó thíortha ar chostas íseal as a dtagann laghdú ar dhíolacháin/bhrabúis.

(b)

Sheol Kellogg's táirge nua, *Hazelnut Choc Coco Pops*, i margadh na hÉireann in 2022. Tá 30% níos lú siúcra iontu ná mar atá in aon ghránaigh ríse eile atá clúdaithe le seacláid.



(i) Sainaithin spriocmhargadh don táirge nua *Hazelnut Choc Coco Pops*. (3m)

Teaghlach le leanaí óga atá ar thóir ghránach bricfeasta níos sláintiúla/ Daoine a bhíonn aireach faoina sláinte.

(ii) Luaigh modh **amháin** taighde deisce agus modh **amháin** taighde allamuigh a d'fhéadfadh Kellogg's a úsáid chun a spriocmhargadh a shainaithint: (6m)

Taighde Deisce:
D'fhéadfadh Kellogg's staidéar a dhéanamh ar dhoiciméid reatha m.sh. tuarascálacha leighis, figiúirí daonra ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO/POS). Cineál meán sóisialta.
Taighde Allamuigh:
D'fhéadfadh Kellogg's suirbhéanna a dhéanamh sna hollmhargaí ag fiafraí de thuismitheoirí faoin táirge. D'fhéadfadh siad suirbhéanna blaise nó sampláil a bheith acu.

- (iii) Tá Kellogg's an bhródúil as a bheith tiomanta d'inhuanaitheacht dhomhanda agus iad ag obair i dtreo ocht gcinn de spriocanna, a bhfuil ceann amháin díobh i réimse an phacáistithe.



Mínigh an téarma 'forbairt inhuanaithe'.

(3m)

Ba cheart go mbeidís in ann freastal ar a riachtanais reatha gan cur isteach ar riachtanais na nglún atá le teacht. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh cuideachtaí a dtáirgeadh a chothromú le riachtanais eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil. Mar shampla, athchúrsáil, aistriú chuig carranna leictreacha.

(iv)

I dteannta bia a dhéanamh a thaitníonn go mór le custaiméirí, tá Kellogg's tiomanta do dhéanamh de réir mar is fearr do dhaoine agus don phláinéad.

Spriocanna Kellogg's don bhliain 2020

Seachas *pacáistiú atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de*, tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí ar féidir le Kellogg's feidhmiú ar mhodh inhuanaithe chun daoine agus an pláinéad a chosaint.

(6m)

D'fhéadfadh Kellogg's foinse inathnuaite fuinnimh a úsáid ina gcuid monarchana chun tionchar an charbóin ar an gcomhshaol a laghdú.

D'fhéadfaidís a chinntiú go dtáirgtear amhábhair a úsáidtear ar bhealach a laghdódh damáiste don chomhshaol m.sh. trádáil chóir a úsáid, a chinntiú go bhfaigheann an feirmeoir/táirgeoir praghas cothrom ar an táirge a dhíoltar.

D'fhéadfaidís feithiclí leictreacha nó hibrídeacha a úsáid agus a gcuid táirgí a seachadadh ar fud an domhain.

Déan dramhaíl a athchúrsáil nuair is féidir, ag déanamh áit níos glaine agus níos inhuanaithe den phláinéad do na glúine atá le teacht.

Feasacht a chur chun cinn i measc na foirne maidir leis an ngá a bheith níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, rud as a dtagann iompar eiticiúil.

(c)


Tá iomaitheoir tagtha isteach i margadh an bhriceasta agus Corn Crispies á dhíol aige, ar grán ach maidine é atá bolgach agus éadrom.

Sa liosta thíos, tá an soláthar agus an t-éileamh mar atá tuartha ó thaighde margaidh:

Praghas	Cainníocht a Éileofar (000s)	Cainníocht a Sholáthrófar (000s)
€1.00	1,000	200
€1.50	800	400
€2.00	600	600
€2.50	400	800
€3.00	200	1,000

(i)

Agus an t-eolas thuas á úsáid agat, tarraing agus lipéadaigh an cuar éilimh agus an cuar soláthair do Corn Crispies, agus bíodh an ais agus teideal san áireamh agat. (15m)



(ii)

Agus do léaráid á húsáid agat, nó ar shlí eile, sainaithin an praghas cothromaíochta agus an chainníocht chothromaíochta.

Scríobh do chuid freagraí sa tábla thíos.

(6m)

Praghas Cothromaíochta:	€ 2 F.F	
Cainníocht Chothromaíochta:	600,000 F.F	aonaid

(iii)

Tabhair breac-chuntas ar dhá thoisc seachas iomaíocht, ar don chuideachta nua iad a bhreithniú agus praghas á shocrú acu dá dtáirge nua Corn Crispies.

(6m)

Ní mór Costas an Táirgthe a chumhdach ionas gur féidir brabús a dhéanamh.
Ionchais na gcustaiméirí / faigh amach cé hé an spriocmhargadh / leibhéal an éilimh / leibhéal ioncaim agus cé mhéad atá siad sásta a íoc.
Céimeanna shaolré táirge, d'fhéadfadh an chuideachta nua praghas tosaigh íseal a úsáid chun tomhaltóirí a mhealladh chun é a cheannach.
Leibhéil bhrabúis - suim acu sa mharcáil suas/corrlach a bhainfí amach.
Brandáil - má aithnítear do bhranda, is féidir leat préimh praghais a chruthú trí aibhsiú a dhéanamh ar na gnéithe saineúla (PDO / USP) nó na tairbhí a thugann údar le praghas ard.

Ceist 17

Miondíoltóir cúraim craicinn orgánaigh is ea Cosmaidí Glana Teo., atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath.
Chun a ndíolacháin a mhéadú tuilleadh, sheol siad siopa ar líne le déanaí.



(a) Comhlánaigh agus comhardaigh Leabhar Airgid Anailísithe Chosmaidí Glana Teo. do mhí na Bealtaine 2023, ag baint úsáid as an eolas thíos:

Dáta	Idirbheart	Méid €
04/05/23	Díoladh earraí	15,000 móide CBL 23%
09/05/23	D’infheistigh scairshealbhóirí caipiteal sa ghnó	12,500
12/05/23	Íocadh teileafón agus leathanbhanda	1,700
17/05/23	Ceannaíodh earraí lena n-athdhíol	10,000 móide CBL €2,300
26/05/23	Íocadh pá	14,000
30/05/23	Díoladh earraí	18,000 móide CBL 23%

Obair, más gá:

[illegible]

(b) Breac na hiomláin agus na hiarmhéideanna go léir ó Leabhar Airgid Anailísithe Chosmaidí Glana Teo. sna cuntais mhórleabhair chuí atá thíos.

Dr **Cuntas Díolacháin 1m** **Sr**

Dáta	Sonraí	Iomlán	Dáta	Sonraí	Iomlán
			31/05/23	Banc/Airgead	33,000 3m

Dr **Cuntas CBL 1m** **Sr**

31/05/23	Ceannacháin	2,300 1m	31/05/23	Díolacháin	7,590 2mFF
31/05/23	Iarmhéid t/s	5,290 1mFF			
		7,590			7,590
			01/06/23	Iarmhéid t/a	5,290 1mFF

Dr **Cuntas Scairchaipitil 1m** **Sr**

			31/05/23	Banc/Airgead	12,500 1m

Dr

Cuntas Ceannacháin 1m

Sr

Dáta	Sonraí	Iomlán	Dáta	Sonraí	Iomlán
31/05/23	Banc/Airgead	10,000 1m			

Dr

Cuntas pá 1m

Sr

Dáta	Sonraí	Iomlán	Dáta	Sonraí	Iomlán
31/05/23	Banc/Airgead	14,000 1m			

Dr

Cuntas Teileafóin agus Leathanbhanda 1m

Sr

Dáta	Sonraí	Iomlán	Dáta	Sonraí	Iomlán
31/05/23	Banc/Airgead	1,700 1m			

1m le haghaidh Dátaí

- (c) (i) Ceann amháin de chaiteachais Chosmaidí Glana Teo. is ea teileafón agus leathanbhanda. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thairbhe a bhaineann Cosmaidí Glana Teo. as leathanbhanda iontaofa ardluais a bheith acu. (6m)

Is féidir le Cosmaidí Glana Teo. díolacháin/brabúis a mhéadú nuair a úsáideann siad an t-idirlíon chun a gcuid táirgí a dhíol ar mhargadh domhanda.
Is féidir le Cosmaidí Glana Teo. cumarsáid a fheabhsú nuair a úsáideann siad ríomhphost chun teagmháil a dhéanamh le custaiméirí agus soláthraithe.
Is féidir an bhaincéireacht agus na híocaíochtaí ar fad a dhéanamh go leictreonach, rud a shábhálann am.
D'fhéadfadh Cosmaidí Glana Teo. luas críochnaithe na hoibre a fheabhsú nuair a dhéanann siad taighde margaidh mionsonraithe ar líne chun taighde a dhéanamh go héasca ar chustaiméirí/smaointe nua.
Éifeachtúlacht fheabhsaithe ar fud an ghnó mar is féidir tascanna amhail ordú, rialú stoic etc. a dhéanamh ar bhealach níos gasta/modh gnó níos sábháilte.
Neartóidh Cosmaidí Glana meanma trí chianobair a cheadú a ligeann don fhoireann oibriú lasmuigh den láthair ag baint úsáide as ardáin ar nós zoom / foirne Microsoft.

- (ii) Tá Cosmaidí Glana Teo. ag smaoineamh faoi mhodhanna éagsúla margaíochta a úsáid chun a dtáirgí a chur ar an margadh. Tá sé beartaithe acu fógraíocht a dhéanamh ar na meáin shóisialta.

Liostaigh **dhá** ardán meán sóisialta a d'fhéadfaidís a úsáid chun díriú ar na custaiméirí a d'fhéadfadh a bheith acu. (6m)

Tik Tok	Snapchat	LinkedIn	X (Twitter)
Instagram	Pinterest	YouTube	Facebook
Aon fhreagra inghlactha eile			

- (iii) Mol dhá mhodh margaíochta eile a d'fhéadfadh Cosmaidí Glana Teo. a úsáid chun a dtáirgí a chur ar an margadh. Tabhair cúis le gach ceann de na moltaí. (8m)

Modh 1: Promóisean Díolachán.
Cúis: Féiríní saor in aisce. D'fhéadfadh Cosmaidí Glana Teo. féirín saor in aisce a offrál le haon ceannachán ar feadh tréimhse teoranta amháin. Leis sin, d'fhéadfaí go meallfadh tomhaltóirí chun rud éigin a cheannach mar go bhfuil siad ag fáil níos mó ar an bpraghas céanna agus ní bheidh siad ag iarraidh a chaillean amach nuair a rachaidh an t-am cur chun cinn in éag. Freagraí inghlactha eile amhail cúpóin lascaine. Ceannaigh ceann amháin, faigh ceann eile saor in aisce (BOGOF), péire ar leathphraghas, cártaí dílseachta, tairiscintí speisialta, samplaí saor in aisce, praghas tosaigh speisialta.

Modh 2: Caidreamh Poiblí
Cúis: Urraíocht, tacaíocht airgeadais a chur ar fáil, ar son chur chun cinn a ngnó nó táirge/seirbhíse. Is féidir le gnó tairbhe a bhaint as tóir a bheith air i measc an phobail. Freagraí inghlactha eile amhail comórtais
Modh 3: Díol pearsanta
Cúis: Is é an sprioc aird an chustaiméara a tharraingt, saincheisteanna nó fadhbanna, riachtanais agus mianta a lorg. Bualadh le custaiméirí chun cosmaidí éagsúla a thaispeáint dóibh agus iad a thriail orthu. Caidreamh aghaidh ar aghaidh. Freagraí inghlactha eile amhail margaíocht dhíreach
Modh 4: Marsantú
Cúis: Táirgí a chur i suíomhanna barrmhaithe in asraonta miondíola, chun aird an chustaiméara a tharraingt.
Modh 5: Formhuiniú ó dhuine cáiliúil
Cúis: Leas a bhaint as clú nó stádas sóisialta daoine cáiliúla chun táirge a chur chun cinn agus feasacht a ardú faoin táirge. Sampla de thionchairí cosúil leis na Kardashians

Ceist 18

(a) Chríochnaigh Máire Ní Fhathaigh a cuid scrúduithe

Ardteistiméireachta le déanaí agus tá áit glactha aici ar chúrsa tríú leibhéal sa Ghnó.

Tá airgead tosaigh de €500 aici ar an 1 Deireadh Fómhair. Thug sí an t-eolas seo a leanas:

- Tá sé beartaithe ag Máire go mbeidh sí ag caitheamh €200 in aghaidh na míosa ar earraí grósaera agus ar bhia.
- Beidh billí leictreachais de €30 aici i mí Dheireadh Fómhair, €50 i mí na Samhna agus €55 i mí na Nollag.
- Cosnaíonn conradh fóin póca Mháire €45 in aghaidh na míosa.
- Tá sé beartaithe ag Máire go mbeidh sí ag caitheamh €80 in aghaidh na míosa ar shiamsaíocht. Beidh sí ag caitheamh €70 i mí na Nollag.

Ag baint úsáid as an eolas a thugtar, comhlánaigh buiséad Mháire.

Tá ioncam iomlán agus caiteachas seasta Mháire déanta amach duit. **(32 m)**

Mar gheall ar neamhréir idir an leagan Béarla agus an leagan Gaeilge den scrúdpháipéar, is féidir glacadh leis an bhfigiúr a úsáidtear faoi Chaiteachas Lánroghnach le haghaidh Siamsaíochta i mí na Nollag ar luach €70 nó €150 chun críocha freagartha. Féach thíos:

Caiteachas Lánroghnach i mí na Nollag = €70.

Buiséad Mháire	D. Fómhair	Samhain	Nollaig	Iomlán
Ioncam Pleanáilte				
Máire - Pá	480	480	580	1,540
Deontas SUSI	340	340	340	1,020
Liúntas míosúil	200	200	200	600
Ioncam Iomlán (A)	1,020	1,020	1,120	3,160
Caiteachas Pleanáilte				
Caiteachas Seasta				
Cíos	650	650	650	1,950
<i>Fo-iomlán</i>	650	650	650	1,950
Caiteachas Neamhrialta				
Earraí grósaera agus bia	200 1m	200 1m	200 1m	600 1m
Leictreachas	30 1m	50 1m	55 1m	135 1m
Fón Póca	45 1m	45 1m	45 1m	135 1m
<i>Fo-iomlán</i>	275	295	300	870
Caiteachas Lánroghnach				
Siamsaíocht	80 1m	80 1m	70* 1m	230 1m
<i>Fo-iomlán</i>	80	80	70	230
Caiteachas Iomlán (B)	1,005 1m FF	1,025 1m FF	1,020 1m FF	3,050 1m FF
Airgead glan (A – B)	15 1m FF	(5) 1m FF	100 1m FF	110 1m FF
Airgead tosaigh	500 1m	515 1m FF	510 1m FF	500 1m
Airgead deiridh	515 1m FF	510 1m FF	610 1m FF	610 1m FF

Nó

Caiteachas Lánroghnach ar Shiamsaíocht i mí na Nollag = €150.

Caiteachas Lánroghnach				
Siamsaíocht	80 1m	80 1m	150** 1m	310 1m
<i>Fo-iomlán</i>	80	80	150	310
Caiteachas Iomlán (B)	1,005 1m FF	1,025 1m FF	1,100 1m FF	3,130 1m FF
Airgead glan (A – B)	15 1m FF	(5) 1m FF	20 1m FF	30 1m FF
Airgead tosaigh	500 1m	515 1m FF	510 1m FF	500 1m
Airgead deiridh	515 1m FF	510 1m FF	530 1m FF	530 1m FF

- (b) Tá Máire ag smaoineamh ar charr a cheannach ionas go mbeadh sé níos éasca uirthi taisteal chuig an gcoláiste gach lá. Tá sí ag smaoineamh ar iasacht €5,000 a fháil chun carr a cheannach. Tá roinnt taighde ar líne déanta aici agus fuair sí amach go bhfuil na socruithe aisíocaíochta seo a leanas ar fáil sa Chomhar Creidmheasa áitiúil.

Áiritheoir Iasachta

Roghnaigh Cuspóir na hiasachta

Car Loan 7.9%

An iasacht ba mhaith liom

5,000

An tréimhse iasachta (míonna)

36

APR 8.2%

Achoimre ar Aisíocaíochtaí

Aisíocaíocht	lomlán
Seachtainiúil €36.02	€5,619.66
Coicísiúil €72.10	€5,623.44
Míosúil €156.45	€5,632.25

Téarmaí agus coinníollacha: Is mar eolas ginearálta duit na figiúirí go léir a thugtar ar an suíomh gréasáin seo, agus is treoir gharbh iad maidir le haisíocaíochtaí iasachta. Ní mhaítear go bhfuil aon ráitis ar an suíomh gréasáin ina ráitis údarásacha nó ina gceangal de réir dlí. Moltar duit dul i dteagmháil lenár n-oifigeoir maidir leis an eolas is déanaí faoi rátaí agus tairiscintí.

Fiosraigh anseo Déan iarratas anois

<https://www.northmidlandscreditunion.ie/loans/personal-loan/>

- (i) Dá dtógfadh Máire an iasacht amach i mí Dheireadh Fómhair agus dá roghnódh sí an rogha don aisíocaíocht **mhíosúil** a thaispeántar thuas, cé mhéad a bheadh san aisíocaíocht iomlán in aon bhliain amháin? **(3 m)**

Freagra	Obair
€ 1,877.40	156.45 1m x 12 1m = €1,877.40

- (ii) Cén tionchar a bheadh ag an aisíocaíocht iasachta mhíosúil ar a glanfhigiúr airgid i mí Dheireadh Fómhair? **(3 m)**

Tionchar:
Tiocfaidh laghdú ar airgead glan Máire. Athrófar é ó bharrachas de €15 go heasnamh de €141.45 nuair a bheidh an iasacht cairr san áireamh.

- (iii) Chomh maith le haisíoc na hiasachta, tabhair breac-chuntas ar **dhá** chostas eile a bhaineann le carr a rith. (6m)

Árachas, a cheanglaítear leis an dlí.
Mótarcháin, a cheanglaítear leis an dlí/ a chuidíonn leis an Rialtas íoc as cothabháil na mbóithre ar roinnt bóithre poiblí.
TNG (an Tástáil Náisiúnta Gluaisteán/NCT), a cheanglaítear leis an dlí/ a chuidíonn leis an Rialtas fóirdheontas a thabhairt do ghníomhaireachtaí mar an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA).
Caithfidh sí a chinntiú go bhfuil go leor airgid aici chun costas breosla amhail díosail/peitрил a chlúdach.
D'fhéadfadh go mbeadh gá le cothabháil agus deisiú le seirbhísiú rialta an chairr.

- (iv) An molfá do Mháire carr a cheannach? Tabhair cúis le do fhreagra. (4m)

Moladh: Ní mholfainn / Ní mholfainn do Mháire an carr a cheannach.
Cúis: Níl dóthain ioncaim ag Máire chun aisíocaíocht mhíosúil iasachta de €156.45 a íoc chomh maith leis na costais eile a bhaineann le carr a rith. Cuirfidh an t-iasacht seo an iomarca brú airgeadais ar Mháire.
Moladh: Mholfainn / Mholfainn do Mháire an carr a cheannach.
Cúis: Beidh turas níos éasca chun na hollscoile aici dá bharr, mar nach mbeidh uirthi an córas iompar poiblí a ghlacadh.

- (c) (i) Faigheann Máire deontas oideachais ón Rialtas (SUSI – Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn) chun tacú léi san oideachas tríú leibhéal.

Tabhair breac- chuntas ar **dhá** chúis a gcuireann an Rialtas tacaíocht airgeadais ar fáil do mhic léinn áirithe san oideachas tríú leibhéal. (6m)

Feabhsaíonn sé rochtain ar oideachas tríú leibhéal beag beann ar na leibhéil ioncaim / chun cabhrú le híos as cíos / chun dul chuig an gcoláiste
Má chuirtear oideachas tríú leibhéal ar níos mó mac léinn, beidh lucht saothair níos oilte agus níos cáilithe in Éirinn.
Am do mhic léinn díriú ar a gcuid staidéir, rud a chuirfeadh lena bhfolláine iomlán.
Caidreamh Poiblí, íomhá mhaith don rialtas i measc toghthóirí/an phobail.

(iii) Íoctar deontas SUSI go díreach isteach i gcuntas bainc Mháire.

Mínigh **dhá** sheirbhís eile a chuireann bainc ar fáil do shealbhóirí cuntais reatha. (6m)

Dochar díreach – comhaontú idir an banc agus sealbhóir an chuntais a cheadaíonn, go ginearálta, méid athraitheach a bhaint as cuntas ar aon dáta.
Buanordú – treoir don bhanc méid seasta a íoc as cuntas go tráthrialta. Go ginearálta, úsáidtear é nuair nach n-athraíonn an méid atá le híoc m.sh. iasacht cairr.
Baincéireacht ar líne – is é sin bainistiú airgeadais ag baint úsáid as an idirlíon. Tá rochtain 24/7 uirthi seo agus is féidir í a úsáid chun iarmhéideanna a sheiceáil, cistí a aistriú chun billí a íoc, creidmheas gutháin a bhreisiú.
Pá-chonair (SEPA/Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro) – córas a ligeann don fhostóir pá nó tuarastail a íoc go díreach isteach i gcuntas reatha.
Saoráidí rótharraingthe – seo nuair a bhíonn socrú ann leis an mbanc chun níos mó airgid a tharraingt siar ná mar atá sa chuntas reatha. Gearrfaidh an banc ús ar an tsaoráid seo.
Iasachtaí- Tugtar iad seo do chustaiméirí; ní mór ús a íoc agus ní mór an iasacht a íoc ar ais.
Cárta dochair/Tapáil (íocaíocht gan tadhall)/ sparán digiteach – seo bealach chun íocaíochtaí a dhéanamh agus tú ag siopadóireacht. Baintear an luach ón gcuntas reatha láithreach.
Cárta creidmheasa- is bealach é seo le híocaíochtaí a dhéanamh nuair atáthar i mbun siopadóireachta. Ceannaíonn an tomhaltóir an earra/seirbhís agus íocann siad as ar ball.
UMB (ATM)- Tá sraith seirbhísí acu seo cosúil le haistarraingt, lóisteáil, breisiú creidmheasa don ghuthán póca, athrú UAP, seicleabhair a fháil, billí a íoc...

Nóta	Úsáid
	Eolas bailí (n marcanna)
	Gan aon mharc bronnta. Freagra mícheart nó easnamhach
	Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / Faisnéis neamhbhailí
	Tuilltear marcanna de thoradh fhiigiúr an iarrthóra féin.
	Freagra farasbairr nó cuid den fhreagra. Marcanna bronnta áit éigin eile
	Trasuíomh

